Uimh. a Chúig
Samhradh 2003

Leagan don Greasán

Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

PRIOMHALT: TUILLEADH TUAIRISCÍ – ACH IN AM D'AICSEAN

Le seachtainí beaga anuas foilsíodh roinnt tuairiscí tábhachtacha atá bainteach leis an earnáil oideachais agus cúraim luath-óige. Tá na foilseacháin úsáideach mar go bhfuil cinnithe iontu a threoroidh polasaí agus cleachtadh. Ní bheidh feidhm ar bith leo, áfach, muna gcuirimid a moltaí i gcrích láithreach. Seo léirmheas ar chinn de na tuairiscí úra seo (agus orthu siúd atá ar tí teacht amach) chun an pointe a léiriú.

D'fhoilsigh an tAonad Measúnachta don Phlean Náisiúnta Forbairte/Creatlach Tacaithe Comhluadair a measúnacht, "Evaluation of the Equal Opportunities Childcare Programme 2000 – 2006" in Aibreán. (Tá an tAonad neamhspleách ach oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Airgeadais). Go hachomair, sí breith na tuairisce go bhfuil an clár tar éis bheith bainteach le hábhar le machnamh fónta taobh thiar de agus bainistithe go réasúnta maith ach "programme performance has been disappointing to date, both in terms of expenditure and output trends." (lthch. 77).

Díríonn moltaí na tuairisce ar sheifteanna chun éifeacht an Chláir Comhdheiseanna Cúram Leanaí a mhéadú agus ar cheisteanna a bhaineann le polasaí agus comhordú. Ní haon díol íontais na moltaí seo. Is í an cheist: an ndéanfar beart láithreach chun na h-athraithe is gá a chur i gcrích?

Is in Aibreán chomh maith a d'fhoilsigh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta an dara foilseachán, "Pre-Schools for Travellers – National Evaluation Report" . Tá an tuairisc bunaithe ar measúnacht a rinneadh ar 23 réamhscoil roghnaithe ar fud na tíre agus dearbhaíonn sé mórán cinnithe ab eol dúinn cheana. Molann sé go láidir comhtháthú réamhscoileanna don lucht siúil leis an oideachas luath-óige in Éirinn i gcoitianta. Is beag sprioc soiléir nó fráma ama atá ann agus ní fios fós an bhfeicfimid anois moltaí na tuairisce dá gcur i gcrích cé go bhfuil sé thar am dó sin le fada an lá.

Mar fhocal scoir, táimid ag fanacht ar fhoilseachán léirmheasa an OECD ar oideachas agus cúram luath-óige in Éirinn . Is iad comhordú, rochtain agus cáilíocht a bhí mar fhócas ag an léirmheas agus táthar ag leanúint leis an obair ar dhréacht-cháipéis. Is é is dóichí go bhfoilseófar an tuairisc iomlán i Meán Fómhair 2003.

Níl aon ghanntanas tuairiscí ná moltaí ann. Is í an cheist an mbeidh ceannasaíocht agus acmhainn ann chun an rud is eol dúinn a bheith ceart a chur i gcrích.

Heino Schonfeld
Stiúrthóir

Clàr Àbhaìr

Forléargas ar Thaighde bhaineann le hOideachas Cúram Luathóige 1990-2003 : 2-3

CECDE agus Míbhuntáiste Oideachasúil; Comhthéacs Tuiscint : 4-5

Straitéis Taighde ar Siúl : 6

Píosaí Eìle 7

cecde
Centre for Early Childhood Development & Education
An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

NDP

Dublin Institute of Technology
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Forléargas ar Thaighde in Éirinn a bhaineann le hOideachas agus Cúram Luathóige 1990-2003

le Thomas Walsh, an tOifigeach Forbartha, CECDE

Sliocht as páipéar a tugadh ag Comhdháil OMEP, 5 Aibreán, 2003 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh

Ba dhíol suntais agus áthais do CECDE an líon mór taighde a bailíodh agus an t-iniúchadh seo á dhéanamh. Go dtí seo, bailíodh 1,097 foilseachán agus alt taighde a bhaineann le hoideachas agus cúram luathóige in Éirinn ó 1990 i leith. Tar éis anailís théamúil a dhéanamh ar an taighde a bailíodh, fuarthas amach gur féidir é a roinnt ina 11 téama. Rinneadh anailís théamúil bhreise agus cuireadh roinnt catagóirí agus fochatagóirí le chéile. Tagann athrú ar na catagóirí i ngach téama ach fanann na fochatagóirí mar a chéile tríd síos. Trasnaíonn roinnt foilseachán a chéile beagán i roinnt catagóirí, mar shampla d'fhéadfadh go mbainfeadh foilseachán le dhá chatagóir nó trí, agus sin é an fáth a sáraíonn líon na bhfoilseachán i dTábla 1 (1.344) an 1,097 foilseachán aonair atá i mbunachar sonraí an iniúchta go dtí seo.

Tábla 1: Téamaí Taighde agus an Líon Comhfhreagrach Tagairtí

Téama	Líon Tagairtí*
Cearta leanaí	62
Éagsúlacht Chultúir	131
Curaclam	90
Forbairt Luathóige	362
Míbhuntáiste Oideachais	133
Oideachas trí Ghaeilge	129
Tuismitheoirí agus Teaghlaigh	106
Caighdeán	54
Peirspictíochtaí Socheolaíocha/Stairiúla	76
Riachtanais Speisialta	124
An Fhoireann, Oiliúint agus Cáilíochtaí	77
Iomlán	**1344**

***Tá an líon tagairtí seo cruinn amhail an 23 Bealtaine, 2003. Is obair í seo atá ar siúl agus tiocfaidh athrú ar na figiúirí thuas de réir mar a rachaidh an tionscadal seo ar aghaidh.**

Chun críche an pháipéir seo, scrúdóidh mé go hachomair 2 théama as an 11 téama a chuirtear i láthair sa Tábla thuas, an ceann lena mbaineann an líon is mó foilseachán (Forbairt Luathóige) agus an ceann lena mbaineann an líon is lú foilseachán (Caighdeán), sula gcaithfidh mé súil ar roinnt bearnaí a fuarthas sa taighde.

Téama - Forbairt Luathóige [362]
Is í an fhorbairt luathóige an téama is mó plé san iniúchadh taighde le 304 tagairt. Tar éis anailís théamúil a dhéanamh, tháinig na catagóirí thíos chun cinn agus tá an líon comhfhreagrach foilseachán do gach catagóir liostaithe:

- **Forbairt Leanaí [60]**
- **Leas Leanaí [33]**
- **Foilseacháin Rialtais [63]**
- **Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta [20]**
- **Soláthar Seirbhíse [186]**

Léiríonn an líon toirtiúil taighde sa réimse seo athruithe eacnamaíocha agus sochaí a tharla in Éirinn le deich mbliana anuas. Is é an toradh atá air sin ná rannpháirtíocht níos mó a bheith ag tuismitheoirí sa lucht saothair, agus ar an gcaoi sin an t-éileamh a bhíonn ar chúram agus oideachas luathóige lasmuigh den teaghlach a mhéadú. Is saincheist í cosaint agus leas leanaí atá i mbéal an phobail freisin i láthair na huaire.

Táthar ag tabhairt aitheantais níos mó freisin don tábhacht a bhaineann le hoideachas agus cúram luathóige maidir le forbairt amach anseo. Is catagóir mór é an soláthar seirbhíse laistigh den téama seo agus léiríonn sé an spéis agus an rannpháirtíocht atá an tsochaí agus an stát a léiriú sa réimse sin.

Téama – Caighdeán [54]
Is díol suntais é nach dtacaíonn taighde foilsithe le ceist an chaighdeáin, ceist a bhfuil go leor airde tarraingte uirthi i gcomhthéacs na hÉireann. Tá na 53 ítim taighde curtha sna catagóirí seo a leanas:

- **Foilseacháin Rialtais [20]**
- **Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta [5]**
- **Táscairí Caighdeáin [12]**
- **Caighdeán an tSoláthair Seirbhíse [17]**

Is téarma é ‘Caighdeán’ atá suibiachtúil agus casta agus nach féidir é a shainmhíniú le ráitis ná le seicliostaí simplí. De bhrí gur téarma é ‘caighdeán’ atá dinimiciúil agus a bhaineann le comhthéacs sonrach, ní mór múnlaí agus taighde a thugtar isteach ó dhlínsí eile a oiriúnú do chomhthéacs uathúil na hÉireann agus ní mór cur leo lenár gcuid taighde féin.

Tá sé deacair bunús a leagan síos don phlé toisc go bhfuil ganntanas ábhar Éireannach ann faoi chúrsaí caighdeáin agus ní mór go leor taighde a dhéanamh sa réimse seo d’fhonn an topaic a phlé go cuimsitheach agus go heolasach. Beidh ról lárnach ag CECDE maidir le cur chun cinn na díospóireachta sin chun Creat Caighdeáin a fhorbairt.

Bearnaí sa Taighde
Is teist é an líon suntasach foilseachán don earnáil luathbhlianta in Éirinn, earnáil a bhí tearcmhaoinithe agus tearcfhorbartha le go leor blianta. Tar éis anailís tosaigh a dhéanamh ar an bhfaisnéis go dtí seo, tá roinnt bearnaí taighde le sonrú. D’fhéadfadh athrú nó méadú teacht orthu sin de réir mar a dhéanfar anailís bhreise ar na sonraí.

Cearta/Guthaíocht Leanaí: Cé go bhfuil roinnt mhaith foilsithe faoi chearta agus guthaíocht leanaí agus iad ina ndéagóirí ag ullmhú do shaoránacht, tá an cheist a bhaineann le dul i gcomhairle le leanaí agus iad a chumhachtú sna luathbhlianta tearcfhorbartha den chuid is mó.

Gluaiseacht ar aghaidh: Cé go bhfuil an-chuid taighde le fáil faoi oideachas agus cúram luathóige, ní ann, den chuid is mó, d’fhoilseacháin a phléann an ghluaisteacht ar aghaidh ó oideachas agus cúram luathbhlianta go dtí an córas foirmiúil oideachais.

Caighdeán: Faoi mar a dúradh roimhe seo, is beag taighde atá déanta faoi Chaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann, maidir le táscairí caighdeáin ná measúnú a dhéanamh ar ghnéithe níos doláimhsithe nó níos dinimiciúla an chaighdeáin.

Tuismitheoirí agus Teaghlaigh: Le blianta beaga anuas táthar ag leagan béime ar thacú leis an teaghlach níos leithne ó thaobh tuismíochta de, agus fáiltítear roimhe sin. Is cosúil nach bhfuil aon bheartas díreach rialtais ann, áfach, maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí, cé go dtagraíonn go leor beartas rialtais, cosúil le Tuarascáil an Choimisiúin um an Teaghlach, go hindíreach dó sin.

Míbhuntáiste Oideachais: Tá roinnt mhaith taighde déanta i réimse an mhíbhuntáiste, ach tá ganntanas foilseachán ann a dhíríonn ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite a ghlacadh chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais.

Riachtanais Speisialta: Is gá scrúdú breise a dhéanamh ar idirghabhálacha éifeachtacha do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Is gá, go háirithe, scrúdú criticiúil a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a thabhairt isteach agus a chomhtháthú in imthosca príomhshrutha.

An Fhoireann, Oiliúint agus Cáilíochtaí: Is beag taighde atá déanta, i gcomhthéacs na hÉireann, faoin tionchar a bhíonn ag oiliúint agus cáilíochtaí ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil in imthosca áirithe.

Éagsúlacht Chultúir: Tá an cheist a bhaineann le hoideachas do mhionghrúpaí náisiúnach coigríche sách nua i gcomhthéacs na hÉireann. Tá roinnt mhaith taighde déanta in achar gearr ama. Is beag taighde atá ar fáil, áfach, ar riachtanais teanga mionghrúpaí i gcomhthéacs na hÉireann.

Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta: Cé go raibh peirspictíochtaí idirnáisiúnta ina gcatagóir i ngach ceann de na caibidlí, beagnach, tá ganntanas taighde ann a dhéanann comparáid idir Éirinn agus dlínsí eile.

Taighde Fadtréimhseach: Maidir le formhór an taighde, is measúnú aonuaine, gearrthréimhseach ar thionscnaimh a bhíonn ann. Ní ghlactar tionchair fhadtréimhseacha tionscadail san áireamh, rud a mbaineann an-tábhacht leis.

Beartas: Tá gach cuid sách lag i dtaobh beartais nach dtagann ón rialtas. Tá roinnt eagraíochtaí ann, cosúil leis an nGníomhaireacht Chomhrac in aghaidh na Bochtaine, Cumann Múinteoirí Éireann, Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann agus Barnardos, mar aon le daoine aonair áirithe, a fhoilsíonn páipéar beartais, ach meastar formhór na taighde a bheith tuairisciúil / anailíseach. Ní mór tabhairt faoi thaighde chun treoir a thabhairt d’fhorbairt beartais nua agus chun díospóireacht agus plé a chruthú faoi shaincheisteanna beartais.

Conclúid:
Táthar ag súil go mbeidh an t-iniúchadh taighde ina thairbhe mór mar acmhainne a thugann le chéile an obair dhian agus an dúthracht a bhain leis an earnáil oideachais agus cúraim luathóige le deich mbliana anuas. Is teist é an t-iniúchadh do bhur gcuid oibre agus níorbh fhéidir é a dhéanamh gan bhur gcuid tacaíocha agus bhur gcomhoibriú. Cé gur leagadh srianta áirithe síos maidir le scóip an iniúchta, fós féin cumhdaíonn sé gach foilseachán i bPoblacht na hÉireann thar thréimhse 13 bliana. Táthar ag súil an t-iniúchadh taighde a fhoilsiú i rith an tsamhraidh agus beidh sé ar fáil ar bhunachar sonraí inchuardaithe ar líne nuair a bheidh láithreán gréasáin CECDE i bhfeidhm. Tabharfar an bunachar sonraí ar líne sin cothrom le dáta go rialta chun taighde a bheidh ag teacht ar an bhfód a ghlacadh san áireamh agus beidh leaganacha cothrom le dáta den chóip chrua den fhoilseachán ar fáil freisin. Acmhainn luachmhar lárnach a bheidh ann don earnáil oideachais agus cúraim luathóige ina hiomláine.

Chun cóip iomlán den pháipéar seo a fháil, seol ríomhphost chuig Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie;
nó déan teagmháil leis an údar ag Thomas.Walsh@spd.dcu.ie.

CECDE agus Míbhuntáiste Oideachasúil; Comhthéacs agus Tuiscint

le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, CECDE

Sliocht as páipéar a tugadh ag Comhdháil OMEP, 5 Aibreán, 2003 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh

Cé gurb é dualgas oibre an Ionaid ná an t-oideachas luathóige a forbairt agus a chomhordú do gach leanbh in Éirinn, tá dualgas oibre sainiúil orainn féachaint ar riachtanais leanaí atá i mbaol nó a fhulaingíonn míbhuntáiste, agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Féachaidh an páipéar seo ar roinnt gnéithe den chomhthéacs ina ndéanfaidh an tIonad dul chun cinn maidir leis an dualgas oibre sin a chomhlíonadh ó thaobh míbhuntáiste de.

Sainmhíniú

Tuigimid míbhuntáiste oideachasúil faoi mar a shainmhínítear in Alt 32 den Acht Oideachais, 1998 é: "na baic ar an oideachas de dhroim míbhuntáiste shóisialta nó eacnamíoch a choisceann mic léinn ar thairbhe chuí a bhaint as an oideachas i scoileanna."
Is é an dualgas atá orainn ná a chinntiú go mbíonn an deis agus an tacaíocht a bhíonn de dhíth ar gach leanbh, beag beann ar imthosca, aige / aici chun a p(h)oinéinseal a bhaint amach.

Teaghlaigh

Ní fhulaingíonn an leanbh míbhuntáiste ina aonair / ina haonair, ach i gcomhthéacs an teaghlaigh. Braitheann fás agus forbairt gach linbh ar chineál agus caighdeán a c(h)uid idirghníomhaíochtaí leis an timpeallacht ina bheirtear é nó í. I gcás an linbh nuabheirthe agus an linbh an-óg, rialaíonn na tuismitheoirí an timpeallacht sin. Dá bhrí sin, is ionann tacú leis an leanbh agus tacú le tuismitheoirí an linbh sin. Deir an Straitéis Náisiúnta Leanaí gur chóir d'idirghabháil sheachtrach tacú le teaghlaigh agus iad a chumhachtú sa phobal [An Straitéis Náisiúnta Leanaí, 2000, lch 5], agus glacann clár oibre an Ionaid seasamh den chineál céanna nuair a thagraíonn sé do chumhachtú tuismitheoirí mar oideachasóirí a gcuid leanaí féin [CECDE, 2001, lch 9]. Bíonn tacaíocht agus teagmháil leanúnach de dhíth ar thuismitheoirí a fhulaingíonn réimse fachtóirí struis. Ba chóir go mbeadh an tacaíocht agus an cúram is gá ag gach leanbh a bheirtear, mar cheart, chun a chinntiú go gcothaítear é nó í, go mbíonn cion air nó uirthi agus go gcoinnítear sábháilte é nó í. Is iad na luatheispéiris – a mhalairt sa chás seo – an bunús do leanaí slán sábháilte.

An míbhuntáiste ó ghlúin go glúin

Is faoi leanbh sa lá atá inniu ann a bhímid ag déanamh imní, seachas leis an té a bhí ina leanbh fiche bliain ó shin agus ar tuismitheoirí é nó í anois. Tugann fianaise le fios, áfach, le go mbeadh an idirghabháil éifeachtach agus bhuan, nár mhór di tarlú in dhá ghlúin nó trí d'fhonn an timthriall a bhriseadh. '…[I]t is clear that by the time of a woman's first pregnancy important risk factors have already been established, some of which may not be amenable to intervention in a single generation.' [Chapman agus Scott, 2001, lch 318. Féach freisin Corcoran, 2000.] D'fhonn míbhuntáiste a mhaolú sa chéad ghlúin eile leanaí, ní mór dúinn tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do sheantuismitheoirí agus iad ina leanaí iad féin.

Ba chóir don idirghabháil agus don tacaíocht tarlú ón am a bheirtear an leanbh, nó roimhe sin fiú. Den chuid is mó smaoinímid ar idirghabháil luath i míbhuntáiste oideachasúil a bheith ag tosú, i gcás seirbhísí réamhscoile, agus an leanbh thart ar thrí bliana d'aois. Ach tá an fhadhb curtha i bhfocail go cruinn ag Zigler agus é ag labhairt faoi Head Start: 'We simply cannot inoculate children in one year against the ravages of a life of deprivation' [in Reynolds et al, 1997, lch 48] - agus is eol do chleachtóirí é sin go rímhaith.

Idirghabháil Luath agus Múnlaí Comhtháite

Tá fianaise ann a thacaíonn le héifeachtacht na hidirghabhála a thosaíonn róimh bhreith an linbh. I staidéar a rinneadh ar thurgnamh cuairtíochta baile Elmira, fuarthas an méid seo a leanas amach: '… the investment in the family, from the perspective of government spending alone, was recovered for families of low socio-economic status before the children were four years old' [Olds et al, lch 48]. Fuair clár cuairtíochta baile Memphis, a cuireadh le chéile chun tionscadal Elmira a athchruthú, an méid seo a leanas amach: '[t]he effects of home visits were greater for children born to women who had been identified as having few psychological resources – an assessment based upon measures of intelligence, mental health, and … self-efficacy … the ability to cope effectively with a wide range of challenges and stresses …' [Ibid. lch 49]

Cé go bhfuil fianaise bheise ann ón Eoraip [Hanrahan-Cahuzak, 2002] , tá a múnla féin ag Éirinn den chlár cuairtíochta baile, an Clár um Máithreacha Pobail [CMP]. Tá measúnú déanta ar an CMP [Molloy, 2002] agus cé go bhfuil roinnt imní ann faoi iontaofacht agus bailíocht an mheasúnaithe [Hanrahan-Cahuzak, lch 49], is díol dóchais iad na torthaí. Mar shampla, cé go dtugann an scéim tacaíocht do theaghlaigh nuair a bheirtear an chéad leanbh, tá sé léirithe go leanann na sochair thairbheacha ar aghaidh chun tairbhe na leanaí ina dhaidh sin.

Is féidir linn mórán a fhoghlaim san Idirghabháil Luath ó eispéiris na ndaoine sin a oibríonn le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá múnla an-spéisiúil forbartha i stát Ohio, agus tá sé glactha isteach sa reachtaíocht fiú. Tarlaíonn idirghabháil luath i gcomhthéacs an Phlean Seirbhísí Teaghlaigh Aonair [IFSP]. Faoi mar a thugann an teideal le fios, aithníonn an múnla imthosca uathúla gach teaghlaigh aonair, tugtar deis don teaghlach sin a chuid spriocanna féin a chinneadh agus ansin tairgtear an tacaíocht a éilítear chun na spriocanna sin a bhaint amach. Aithnítear freisin ról an teaghlaigh sa phobal agus tagann sé sin lenár Straitéis Náisiúnta Leanaí féin. Ceann de na huirlisí a úsáidtear mar chuid den phróiseas a bhaineann le gaolmhaireachtaí a thógáil idir an teaghlach agus na soláthróirí seirbhíse ná teimpléad mapála teaghlaigh. Cuidíonn sé sin freisin le nach meastar leanaí de réir riachtanais, ach déantar rannpháirtithe gníomhacha de theaghlaigh laistigh den teaghlach leathnaithe agus den phobal. [Espe-Sherwindt, M. Constructing a Kaleidoscope: The IFSP in Ohio. Bureau of Early Intervention Services, Ohio Dept. of Health. Columbus, OH. 1997]

Níos gaire do bhaile tá tionscnamh Sure Start, a bhunaigh Rialtas na Breataine chun tacaíochtaí idirghabhála luaithe a chur ar fáil ar bhealach comhtháite do theaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste. Tá naisc bunaithe ag CECDE leis an gclár i dTuaisceart Éireann, agus beifear ag faire go géar air agus é ag forbairt. Is díol spéise é Sure Start sa mhéid is a dhéanann sé iarracht luach a chur le seirbhísí reatha trí dhíriú ar chomhtháthú seachas ar sheirbhísí eile a bhunú as an nua. Tá sé níos oiriúnaí tógáil ar an saineolas agus an taithí a bhíonn ann seachas tosú as an nua i gcónaí. Beidh eispéiris fhoireann Sure Start maidir leis an múnla comhtháite a chur i bhfeidhm an-úsáideach agus an tIonad ag leagan amach a dhualgas oibre chun an t-oideachas luathóige a chomhordú. Aithnímid an saineolas nach beag atá le fáil san earnáil agus creidimid gurb é an bealach ar aghaidh ná leas a bhaint as an saineolas sin.

Is é bun agus barr an scéil ná go bhfulaingíonn leanaí míbhuntáiste i gcomhthéacs an teaghlaigh. Dá mhéid é líon na bhfachtóirí struis is é is géire a bhíonn an míbhuntáiste, agus géaraítear tuilleadh é nuair a leanann sé ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Ní mór don idirghabháil luath tarlú i gcomhpháirtíocht le teaghlaigh ina bpobal féin ar bhealach leanúnach agus comhtháite. Is é aidhm an Ionaid ná go mbeidh forbairtí bunaithe ar fhianaise agus go mbeidh siad inmharthana, agus chuige sin, beimid ag féachaint go géar ar an bhfianaise atá ann faoina n-oibríonn in idirghabhálacha éifeachtacha.

Riachtanais a aithint

Sula ndéanaimid measúnú ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha, ní mór dúinn a chinntiú gur féidir linn na leanaí agus na teaghlaigh sin a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu a aithint. D'fhonn a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh go luath agus go héifeachtach, tá ceist an aitheantais ríthábhachtach. Ní féidir tacaíocht a thairgeadh mura n-aithnítear gá léi, agus ní féidir linn a bheith sásta faoi láthair go bhfuil ár gcumas maidir le leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil a aithint éifeachtach. Tá cuntas tugtha ag Kelleghan ar na deacrachtaí a thainig chun cinn sa scéim tuaithe Breaking the Cycle. Bunaithe ar an tuiscint, maidir le leanaí ar a raibh an idirghabháil dírithe, 'gur fhreastail siad ar scoileanna beaga' [Kellaghan, 2002, p. 25], bhí an scéim teoranta do scoileanna beaga. Fuarthas amach i rith na measúnachta go raibh spriocleanaí na hidirghabhála ag freastal ar scoileanna níos mó i mbailte beaga.

D'fhonn cur lenár gcumas chun riachtanais leanaí agus a gcuid teaghlach a aithint, coimisiúnfaidh an tIonad taighde ar mhúnlaí éifeachtacha a chuirfidh le heispéireas agus saineolas na ndaoine sin atá ag obair sa réimse seo cheana féin. Scrúdóidh an tionscadal taighde na bealaí is éifeachtaí chun leanaí atá i mbaol míbhuntáiste a aithint, go háirithe míbhuntáiste tuaithe nó scaipthe. Tabharfaidh clár taighde an Ionaid aghaidh freisin ar an tsaincheist a bhaineann le rannpháirtíocht agus ionadaíocht tuismitheoirí i measc tuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste, agus é mar aidhm aige struchtúir a bhunú le cinntiú go mbeidh na tuismitheoirí sin nach bhfuil deis cainte acu faoi láthair ina gcomhpháirithe gníomhacha i bhforbairt an oideachais luathóige.

Chun cóip iomlán den pháipéar seo a fháil, seol ríomhphost chuig Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie;
nó chun teagmháil a dhéanamh leis an údar, seol ríomhphost chuig Jacqueline.Fallon@spd.dcu.ie.

Is féidir le daoine ar bith a bhfuil spéis aige/aici taighde a dhéanamh agus bheith mar chomhalta de OMEP Ireland teagmháil a dhéanamh le Ann Fanning ag 021-4342703 nó ar ríomhphost ag bpfanning@eircom.net

Straitéis Taighde LFOLO: Obair ar Siúl

Leis an Dr Gemma Kiernan, Stiúrthóir Cúnta LFOLO

Dearadh Straitéis Taighde LFOLO chun éascú le cur i gcrích an tarchur leathan atá againn forbairt agus oideachas luath-óige in Éirinn a chomhordú agus a fheabhasú agus aird ar leith á thabhairt againn do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. Is straitéis trí bhliana é, a thagann don chuid is mó as ár gClár Oibre (LFOLO, 2002), ach, chomh maith leis sin as na bearnaí sa taighde a nochtadh in ár n-iniúchadh taighde i dtaca le hoideachas agus cúram luath-óige in Éirinn ó 1990 go nuige seo (feic LFOLO, 2003). Is 'obair ar siúl' faoi láthair é ós rud é go bhfuilimid gafa le dul i gcomhairle leis an Earnáil Oideachais agus Cúraim Luath-Óige chun é a fhorbairt níos fuide.
Is cuid den Straitéis Taighde é an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá déanta cheana féin i réimse an oideachais agus cúraim luath-óige a scrúdú, chomh maith le tabhairt faoi taighde nua. Tá cúpla comhchodanna ann, mar atá:

Is cuid den Straitéis Taighde é an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá déanta cheana féin i réimse an oideachais agus cúraim luath-óige a scrúdú, chomh maith le tabhairt faoi taighde nua. Tá cúpla comhchodanna ann, mar atá:

- Taighde Bunúsach a bhaineann go príomhdha leis an gcreatlach tuisceana atá á ullmhú againn ar an gcaoi ina n-aibíonn agus ina bhfoghlaimíonn leanaí óga sa dtimpeallacht Éireannach. Ina theannta sin beimid ag tabhairt faoi shuirbhé náisiúnta agus idirnáisiúnta de dhea-chleachtadh, dea-pholasaithe agus dea-thaighde i dtaca le hoideachas agus cúram luath-óige;
- Taighde ar Cháilíocht trína scrúdóimid céard is brí le cáilíocht i gcomhthéacs na hÉireann, bun-tréithe dhea-churaclaim don luath-óige, agus na prionsabail is bun leis an gcuraclam do bhunscoileanna mar atá faoi láthair. Scrúdóimid mar an gcéanna dea-chleachtadh maidir le modhanna múinteoireachta, go háirithe i dtaca le leibhéil agus saghasanna na nidirbheartanna idir dhaoine fásta agus leanaí, agus ról an duine fásta i bhfoghlaim leanaí de aoiseanna éagsúla. Beimid ag breathnú ar dhearcadh na gcleachtóirí ar an gcaoi le leanaí a mheasúnú agus ar an gcomhghaol idir cháilíochtaí an chleachtóra agus cáilíocht na hoibre;
- Taighde Bunaithe ar Ábhar ina mbeidh an bhéim ar ghnéithe den mhíbhuntáiste oideachasúil, go háirithe an gá atá le modhanna sainiúla chun caitheamh le leanaí san aois-ghrúpa 0-3 bhliana agus an saghas struchtúir eiseamláirigh a bhfuil gá lena fhorbairt agus lena chur i bhfeidhm chun cur le páirteachas tuismitheoirí atá imeallaithe nuair atáthar ag déanamh comhairle. Beimid ag plé le réimse na riachtanas speisialta chomh maith áit a gcruthóimid creatlach chun an soláthar atá ann faoi láthair a chláradh agus chun a mheas céard iad na bealaigh cabhraithe is fearr. I measc na n-ábhar eile a dhíreoimid orthu tá éascú le gluaiseacht réidh an linbh ón réamhscoil go dtí scoil fhoirmeálta, foghlaim an dara theanga ó thaobh an linbh de, agus dearcadh cleachtóirí ar shúgradh agus foghlaim sa gcomhthéacs Gaelach.

Chun a chinntiú go dtagann an Straitéis Taighde seo ar an saol, táimid i mbun micléinn a earcú do dhá comhaltachtaí iar-dhochtúireachta agus ceithre scoláireachtaí dochtúireachta. Déanfaidh foireann ón LFOLO agus foireann ainmnithe in Institiúid Teicneolaíocht Átha Cliath agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach, na poist seo a mhaoirsiú. Tabharfaidh foireann an LFOLO fhéin faoi roinnt den taighde, agus tá sé de chumas againn codanna ar leith a choimisiúnú. Ar leibhéal níos leithne, spreagfaimid áisíneachtaí eile chun taighde bainteach a dhéanamh agus tacóimid leo nuair is féidir. Déanfar iomlán ár gcuid taighde go freagrach ó thaobh na h-eitice dhe agus beidh faomhadh aige ó na Coistí Eitice sna hinstitiúidí/coláistí thuasluaite.

Cinnteoidh an Straitéis Taighde seo go mbeifear ábalta obair an LFOLO a chosaint, mar shampla, go mbeidh bun fianaise leis na caighdeáin náisiúnta cáilíochta a fhorbraímid do gach gné den oideachas agus cúram luath-óige agus leis an gcreatlach a mholaimid do chur i bhfeidhm na gcaighdeán sin. Cuirfidh se chomh maith le cumas taighde an Earnáil Oideachais agus Cúraim Luath-Óige. Beimid ag scaipeadh torthaí an taighde ar an Earnáil, an comhluadar acadúil san áireamh, trí fhoilsiú leabhar agus iriseán ilghnéitheach, agus trí léirithe ag comhdhála. Tá sé ar intinn againn na torthaí a úsáid chun léirmheasa agus díospóireacht ar cheisteanna laistigh den Earnáil a chur chun cinn agus a éascú, agus chun ár n-eolas agus ár dtuiscint ar cad is fearr do leanaí, éagsúil mar atá siad, i suímh luath-óige in Éirinn inniu a mhéadú.

Dá mba mhaith leat cóip iomlán de Straitéis Taighde an LFOLO, cuir scéala chugam led thoil ag:
An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO)
Teach an Gheata
Coláiste Phádraig
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9

Teil: 01 884 2112
Faics: 01 884 2111
Ríomhphost: *gemma.kiernan@spd.dcu.ie*

LFOLO Ar an mBóthar ….

Tá baill den bhfoireann i mbun sraith de chuairteanna staidéir a thabhairt timpeall na tíre faoi láthair. Is í aidhm na gcuairteanna cur lenár n-eolas ar an lear mór tionscnamh atá dírithe ar riachtanais leanaí atá faoi mhíbhuntáiste agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Chaith Jacqueline Fallon dhá lá fíor-shuimiúil i gCorcaigh áit ar chas sí leis an bhfoireann atá páirteach i dTionscnamh Luath-Oideachais Greenmount, Lárionad Teaghlaigh an Tóchair agus Lárionad Bráithre na Carthanachta i mBaile an Chollaigh.

Is tionscnamh de chuid Comhpháirtíocht Chathair Chorcaigh é Tionscnamh Luath-Oideachais Greenmount in éineacht le Scoil Náisiúnta Mhuire na nGrás, Greenmount agus Grúpa Súgartha Mhuintir Greenmount. Tacaíonn an tionscnamh le foireann an ghrúpa súgartha agus ranganna na naíonán cur chuige téamach d'fhorbairt na h-urlabhra a chothú, cur chuige a bhfuil ceangal aige le foghlaim amuigh faoin spéir. Tá
sean-taithí ag Lárionad Teaghlaigh an Tóchair ar bheith ag obair le leanaí i gcomhpháirt dlúth, cuiditheach le tuismitheoirí, agus taispeánann sé chomh tiomanta agus atá sé do phrionsabal na comhpháirtíochta ina struchtúr bainistíochta. Bronnadh duais 'Centre of Excellence' ar Lárionad Teaghlaigh an Tóchair ag comhdháil an CNCM (NCCA) le déanaí. Séard tá i Lárionad Bráithre na Carthanachta i mBaile an Chollaigh ná seirbhís idirghabhála luaithe atá bunaithe ar an gcomhluadar áitiúil agus a bhfuil sé d'aidhm aige a mhór a dhéanamh de chumas an linbh, agus oibriú taobh istigh den teaghlach agus den chomhluadar d'fhonn tuismitheoirí, lucht cúraim leanaí agus baill teaghlaigh a neartú agus a thacú. Tá cur chuige ilghairmiúil ag an bhfoireann d'obair an Lárionaid agus bíonn daoine as gairmí éagsúla ina mbaill de agus iad ag comhobair le chéile chun cinnithe a dhéanamh.

Ba rí-mhaith an chuairt ar Chorcaigh é, agus ba chuid suntais é chomh fáilteach agus chomh oscailte agus a bhí gach aon duine. Míle buíochas libh go léir as bheith chomh flaithiúil le bhur gcuid ama, agus as bheith chomh díreach sin i dtaobh bhur gcuid oibre.

Tá a thuilleadh cuairteanna staidéir timpeall na tíre dá bpleanáil sna seachtainí atá le teacht. Tabharfaidh Maresa Duignan aghaidh ó thuaidh ar Dhún na nGall. Beidh cuairt á tabhairt aici don Lifestart foundation i nDoire agus ar cheann dá dtionscadail i Leifir, beidh sí ag casadh le grúpa Teiripithe Ceirde Péidiatracha (Paediatric Occupational Therapists) atá tar éis iad féin a bhunú ina bhfóram náisiúnta, agus ag casadh chomh maith le cuid de lucht comhordaithe an Chláir Maolú ar Leanúnachas an Mhíbhuntáiste (Faoin Tuath). Ina dhiaidh seo, beidh baill den bhfoireann ag eagrú cuairteanna ar réimse seirbhísí agus tionscnamh san Oirdheisceart, san Iarthar agus i mBaile Átha Cliath. Coinneoimid suas chun dáta thú le aiseolas in ár gcéad foilsiú ráithiúil eile.

Téann LFOLO go dtí SAM!

Tamall ó shoin, iarradh ar Creative Inc, dearthóirí Lógó LFOLO, obair a chur faoi bhráid do bhliainiris don dhearú Eorpach a bhíonn á fhoilsiú ag 'Print', iris chlúiteach, mheasúil i Meiriceá a phléann leis an dearú. Roghnaíodh lógó LFOLO, 'Jack in the Box', as measc na n-aighneachtaí a d'iontráil siad sa chomórtas, le foilsiú san iris! Katie Quinn, Dearthóir Sinseartha le Creative Inc, a dhear an lógó galánta seo. Comhgháirdeachas, a Katie!

Gréasán LFOLO – dá Thógáil

Tá obair ar siúl ar an nGréasán do LFOLO. Tá ICAN, comhlacht measúil bolscaireachta Idirlíne, a bhfuil duaiseanna bainte amach acu, roghnaithe chun obair linn ar an dtionscadal seo, agus táimid ag súil leis an nGréasán a bheith ag obair faoi Lúnasa. Cuimseoidh an Gréasán eolas fúinn fhéin agus faoin ár n-obair, agus i gcionn tamaill beidh sé ina thaca, trí mheán eilimintí idirghníomhacha, don chomhairle le gach duine lena mbaineann. Bí ag faire ar an spás seo!